

Leabhair phictiúir gan focail

Faisnéis Tacaíochta

Faisnéis chúlra

Tagann an sampla seo ó Rang a Sé príomhshrutha i mbunscoil do chailíní. Tá 26 cailín sa rang. Chun Béarla a mhúineadh, baineann an múinteoir leas as **teagasc stáisiúin** go rialta chun forbairt scileanna teanga na bpáistí a chothú sna trí shnáithe go léir; teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Déanann an múinteoir planáil d'espéiris foghlama chuí ag stáisiúin éagsúla sa seomra ranga agus déantar na stáisiúin sin a chur in oiriúint agus a rothlú go rialta. An múinteoir a threoraíonn roinnt de na stáisiúin agus is stáisiúin neamhspleácha iad cinn eile ina mbíonn na páistí rannpháirteach i gníomhaíochtaí agus tascanna teanga gan cúnaimh an mhúinteora.



Nuair a úsáidtear teagasc stáisiúin, tugtar deis do pháistí **oibriú go comhoibritheach** i ngrúpaí beaga. Le himeacht aimsire agus le scafláil agus treoir ón múinteoir, d'éirigh na páistí cleachta ar oibriú go comhoibritheach agus go neamhspleách i ngrúpaí. Laistigh de na grúpaí stáisiúin, glacann na páistí le **ról shainithe**, amhail *tuairisceoir*, *ceannaire* agus *ceistitheoir* agus déanann siad féinmheasúnú agus piarmheasúnú. Ar an tslí chéanna, léirigh an múinteoir eiseamláir de na scileanna sin agus, le himeacht aimsire, rinneadh scafláil ar na páistí chun na ról sin a ghlacadh orthu féin go neamhspleách laistigh de ghrúpaí comhoibritheacha.

Dírítear sa Sampla áirithe seo ar an teanga ó bhéal a fhorbairt agus ar an teagasc stáisiúin a úsáid chun forbairt scileanna teanga ó bhéal laistigh de ghrúpaí beaga a chur chun cinn. Ag tús gach seachtaine, roghnaíonn an múinteoir réimse sonrach fócais d'fhorbairt na bpáistí ó thaobh na teanga ó bhéal de, bunaithe ar na torthaí foghlama don teanga ó bhéal. Múineann an múinteoir na scileanna sin go follasach le himeacht aimsire agus baintear leas as teagasc stáisiúin chun foghlaim a chomhtháthú agus chun cur ar chumas na bpáistí na scileanna sin a fhorbairt tuilleadh.

Tosaíonn an múinteoir le plé leis an rang uile trí chur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an stáisiúin agus iad a mhíniú. Ansin, léiríonn sí na gníomhaíochtaí grúpa difriúla don rang uile agus roinneann sí na páistí ar stáisiúin dhifriúla. Le himeacht aimsire, tosaíonn na páistí ag éascú na gníomhaíochta stáisiúin go neamhspleách, rud a thugann deis don mhúinteoir bogadh idir na grúpaí stáisiúin difriúla agus labhairt le páistí faoi leith nó plé a dhéanamh leo. Roinntear na páistí ina ngrúpaí agus caitheann gach grúpa 15 nóiméad ag gach stáisiún. Tugtar scafláil bhreise do na páistí ag gach stáisiún, amhail **ceisteanna treoracha**, **treoracha agus bunachair fhocal**.

Cuirtear an foghlaim a tharlaíonn ag ceann de na stáisiúin i láthair sa Sampla seo. Ag an stáisiún sin, baintear úsáid as leabhair phictiúir gan focail le go nglacfaidh na páistí páirt i bplé teanga ó bhéal.



Leabhair phictiúir gan focail

Faisnéis Tacaíochta

Leanann an múinteoir de na gníomhaíochtaí stáisiúin a athrú agus a oiriúnú ar bhonn seachtainiúil, mar fhreagairt ar fhócas an cheachta agus na scileanna teanga atá á bhforbairt. Seo a leanas samplaí de stáisiúin bhreise éagsúla a bhunaigh an múinteoir i rith na scoilbhliana chun forbairt theanga ó bhéal na bpáistí a chur chun cinn.

An stáisiún comhrá: Tugtar topaicí do na páistí agus bíonn comhrá amaithe acu faoi i mbeirteanna nó i ngrúpaí. Dírítear ar réimsí cumarsáide sonracha, m.sh. féachaint sna súile ar dhaoine, gothaí gnúise, sealáocht, ceisteanna.

An stáisiún díospóireachta: Tugtar ráitis do na páistí agus pléann siad go foirmiúil iad i ngrúpaí. Oibríonn siad le chéile chun argóintí láidre a chruthú agus déanann siad pointí a dtacaíonn an fhaisnéis ábhartha leo.

Stáisiún na teanga tuairisciúla: Tugtar íomhánna do na páistí agus bíonn orthu tuairisc a thabhairt ar a bhfuil ag tarlú san íomhá. Cinneann na páistí cad iad na mothúcháin a léirítear, cad é an gaol idir an íomhá agus a saol. Cumann na páistí ceisteanna bunaithe ar an íomhá agus cuireann siad ar an ngrúpa iad.

Stáisiún na leabhar pictiúir: Tugtar leabhair phictiúir éagsúla do na páistí le léamh agus le plé. Leabhair phictiúir gan focail iad cuid díobh agus cumann na scoláirí scéal ó bhéal bunaithe ar na híomhánna, agus foclóir cruthaitheach á úsáid acu.

Stáisiún na gcluichí: Imrítear cluichí foclóra éagsúla i measc na bpáistí le go bhforbróidh siad raon scileanna teanga. Áirítear leo sin bandaí cinn, Pictionary agus searáidí.

An stáisiún ciúbanna scéalta: Caitheann páistí ciúbanna scéalta agus cruthaíonn siad scéal go comhoibritheach mar sin, bunaithe ar na híomhánna a bhíonn ar bharr na gciúbanna.

Stáisiún na hathinsinte daille: Tugtar scéal nó téacs a bhfuil cur amach acu air do na páistí. Téann na páistí ina mbeirteanna agus seasann siad aghaidh ar aghaidh. Ní fhéachann Comhpháirtí A ar chóip den scéal/téacs agus bíonn cóip ina lámh ag Comhpháirtí B. Déanann Comhpháirtí A an scéal a athinsint ó chuimhne agus cabhraíonn Comhpháirtí B le A aon uair a thagann stad nó mearbhall orthu. Is “cóitseálaí” go bunúsach é Comhpháirtí B. An post atá acu ná cabhrú le Comhpháirtí A an scéal a athinsint go cruinn. Léann Comhpháirtí B an téacs agus déanann anailís chriticiúil ar an méid a deir Comhpháirtí A agus comparáid á déanamh leis an mbunscéal.

Stáisiún an mhála mistéire: Tugtar mála mistéire do na páistí agus déanann siad cur síos ar a bhfuil ann ach a gcéadfaí a úsáid. Déanann na páistí cur síos ar an mboladh a bhfaigheadh siad trí aidiachtaí a úsáid, agus déanann siad cur síos ar a gcloiseann siad nuair a chroitheann siad an mála.

Stáisiún na líníochta scáthánaí: Roinntear na páistí ina mbeirteanna agus beireann gach comhpháirtí greim ar chlár bán. Suíonn siad droim le droim. Tarraingíonn Comhpháirtí A íomhá ar a gclár bán fad a thugann siad teoracha soiléire do Chomhpháirtí B. Is é an aidhm atá ann ná go mbeidh an íomhá chéanna ar a gclár bán acu ag an mbeirt pháistí.

An stáisiún ‘aimsigh na difríochtaí’: Suíonn beirt pháistí droim le droim agus ní mór dóibh na difríochtaí idir a n-íomhánna a aimsiú trí chur síos a dhéanamh ar a n-íomhá dá gcomhpháirtí.

An stáisiún ‘cé acu ab fhearr leat?’: Cuireann agus freagraíonn na páistí ceisteanna bunaithe ar roghanna. Déanann siad trí phointe bhailí chun tacú lena bhfreagraí. Déanann na páistí measúnú criticiúil ar fhreagraí a gcomhscoláirí ansin.

Stáisiún cruthú scéalta: Tugtar pictiúir, focail agus abairtí do na páistí agus iad ag obair i ngrúpaí, cruthaíonn siad scéal ó bhéal san ord ceart.

Leabhair phictiúir gan focail

Faisnéis Tacaíochta

Ullmhúchán i gcomhair Teagaisc agus Foghlama

Baineann an múinteoir úsáid as an eolas atá aici ar roghanna, ábhair spéise, ábhair iontais agus cumais na bpáistí agus í i mbun ullmhúcháin i gcomhair teagaisc agus foghlama. I gcomhthéacs an tSampla áirithe seo, rinne an múinteoir cur síos ar chumas méadaitheach na bpáistí tuairimí a chur in iúl agus údar a thabhairt leo, mar thoradh ar bheith ag oibriú le chéile i ngrúpaí comhoibritheacha agus ar róil shoiléire a ghlacadh orthu féin sna grúpaí sin le himeacht aimsire. Ach a cuid eolais ar na páistí agus ar inneachar Churaclam Teanga na Bunscoile a úsáid, d'aithin sí torthaí iomchuí ón **Snáithe Teanga ó Bhéal** agus fócas na foghlama nua. Is iad na torthaí sin:



Trí úsáid a bhaint as a cuid eolais ar inneachar Churaclam Teanga na Bunscoile, d'aithin an múinteoir foghlaim theagmhasach a bhain le torthaí foghlama eile sa **snáithe Léitheoireachta** a tharla i rith an eispéiris foghlama. Is iad na torthaí sin:

Toradh Foghlama (TF)	Fócas na foghlama nua
TF9: Athinsint agus mionléiriú	Tá na páistí ag insint scéalta le teanga shamhlaíoch.
TF10: Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach	Tá na páistí ag foghlaim le teanga a láimhseáil ar bhealach cruthaitheach.
TF12: Cur síos, tuar agus machnamh	Tá na páistí ag déanamh cur síos ar eispéiris a bhaineann leis na leabhair, agus á dtuar, i gcomhthéacsanna samhlaíocha.

Trí úsáid a bhaint as a cuid eolais ar **chuir chuige oideolaíochta**, rinne an múinteoir eispéiris foghlama a shaincheapadh dá réir, á nascadh le riachtanais agus cumais na bpáistí agus na dtorthaí foghlama sainaitheanta.

Toradh Foghlama (TF)	Fócas na foghlama nua
TF2: Inspreagadh agus rogha	Freagairt chriticiúil a thabhairt ar théacsanna.
TF6: Stór Focal	Teacht ar bhrí focal go neamhspleách.
TF7: Cuspóir, seánra agus guth	Machnamh criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe samhlaíocha na dtéacsanna.
TF8: Freagairt agus intinn an údair	Léirmhínte éagsúla ar théacsanna a phlé.
TF9: Tuiscint	Straitéisí tuisceana a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic leis an téacs agus chun tarraingt ar thaithí phearsanta agus ar eolas pearsanta.

Leabhair phictiúir gan focail

Faisnéis Tacaíochta

Measúnú

Cuireadh deiseanna san áireamh do chuir chuige measúnaithe lena n-áirítear an múinteoir ag faire agus féinmheasúnú. Mar a tugadh ar aird cheana, **tugann an múinteoir scafláil** do na páistí le go mbeidh siad in ann dul i ngleic leis na gníomhaíochtaí sna stáisiúin go neamhspleách. Sula raibh na páistí in ann a bheith rannpháirteach go neamhspleách ag stáisiún na leabhar pictiúir gan focail, thug an múinteoir faoi raon **cuir chuige measúnaithe iomasaigh** le himeacht aimsire. Áiríodh leo sin: **ceisteanna cuí a chur** agus díospóireachtaí a chothú chun scafláil a thabhairt don fhoghlaim agus don rannpháirtíocht le leabhair phictiúir gan focail. Dá bhrí sin, bhailigh an múinteoir faisnéis thábhachtach faoi chumais na bpáistí raon straitéisí tuisceana a chur i bhfeidhm agus iad ag leanúint de na leabhair phictiúir gan focail a léirmhíniú agus de mhachnamh criticiúil a dhéanamh orthu. Le himeacht aimsire agus mar thoradh ar **idirghníomhaíochtaí pleanáilte** amhail plé le grúpaí agus le páistí ar leith, cuireadh ar chumas an mhúinteora measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim a bhain le torthaí foghlama faoi leith ar eatraimh rialta. Fuair an múinteoir faisnéis faoi chumas na bpáistí freagairt do leabhair phictiúir gan focail, machnamh a dhéanamh ar ghnéithe samhlaíochta na leabhar agus tarraingt ar a gcuid taithí agus eolais phearsanta.



Trí rúibricí a cheap an múinteoir a úsáid, tugadh scafláil do na páistí chun **féinmheasúnú** a dhéanamh ag gach stáisiún roimh bhogadh ar aghaidh go dtí an chéad stáisiún eile. Mar a taispeántar san fhíseán, bíonn plé grúpa ag an múinteoir leis na páistí ina n-iarrtar orthu díriú ar an tslí ar thaispeáin siad scileanna sonracha ag a stáisiúin.

Faisnéis bhreise faoi leabhair phictiúir gan focail a úsáid

Is éard atá i leabhair phictiúir gan focail, leabhair gan focail (nó ar bheagán focal) lena n-insítear scéal trí phictiúir. De bharr nach mbraitheann siad ar fhocail chun scéalta a insint, is féidir leabhair phictiúir gan focail a úsáid chun scileanna tábhachtacha litearthachta a fhorbairt, amhail:

- Seicheamh a bhrath
- Mionsonraí a shainithint
- Aird a thabhairt ar chaidrimh chúise agus éifeachta
- Breithiúnais a thabhairt
- Príomhsmaoineamh a aimsiú
- Tátail a bhaint.

Seo a leanas sraith smaointe chun leabhair phictiúir gan focail a úsáid chun cabhrú le scileanna léitheoireachta, scríbhneoireachta agus tuisceana páistí a fhorbairt:

- Plé a spreagadh
- Foclóir nua a thabhairt
- Scéalaíocht a spreagadh
- Foghlaim faoi struchtúr agus seicheamhú scéalta
- Scileanna tuisceana a fhorbairt
- Scríbhneoireacht a spreagadh.

Tá faisnéis bhreise faoi leabhair phictiúir gan focail ag na naisc seo a leanas:

<https://www.scholastic.com/teachers/blog-posts/brian-smith/why-wordless-picture-books-work/>

Leabhair phictiúir gan focail

Faisnéis Tacaíochta

Ceisteanna Machnaimh

- Tarraingítear aird sa Sampla seo ar fhócas an mhúinteora ó thaobh cur ar chumas na bpáistí oibriú go neamhspleách i ngrúpaí. Cad iad na buntáistí a fheiceann tú sa chur chuige sin?
- Cad iad na deiseanna a fheiceann tú chun teagasc stáisiúin a úsáid i do sheomra ranga féin? Cad iad na dúshlán a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá bharr?
- Léiríonn machnamh na bpáistí sa Sampla seo an sult a bhain siad as an eispéireas foghlama seo agus a spreagtha a bhí siad. Tugann an múinteoir am do na páistí go rialta chun labhairt faoina gcuid foghlama. Cá mhéad ama a thugtar do scoláirí labhairt faoina gcuid foghlama i do scoilse?
- Shainnigh an múinteoir Toradh foghlama 7 Cuspóir, seánra agus guth, sa snáithe léitheoireachta, mar fhócas don fhoghlaim nua. Déan machnamh ar an tslí a bhféadfadh foghlaim na bpáistí, mar a thaispeántar sa Sampla seo, aistriú chuig foghlaim na bpáistí i dToradh Foghlama 7 Cuspóir, seánra agus guth i nGaeilge.

Le féachaint ar na físeáin a bhaineann leis an bhfaisnéis tacaíochta seo clliceáil anseo.

